Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2026
(OR. en)

15157/26

AGRILEG 253
PESTICIDE 67

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	29 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D110097/05
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar asóicioglaitine, clóirfeinipire, cioheicsitine, déchófóil, ionsulfáin, feanaramóil, feanprópáitrine agus próifeanafos i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D110097/05.

Faoi iamh: D110097/05

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/1425 Rev. 1
(POOL/E4/2025/1425/1425R1-EN.docx)
D110097/05
[…](2026) XXX draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar asóicioglaitine, clóirfeinipire, cioheicsitine, déchófóil, ionsulfáin, feanaramóil, feanprópáitrine agus próifeanafos i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar asóicioglaitine, clóirfeinipire, cioheicsitine, déchófóil, ionsulfáin, feanaramóil, feanprópáitrine agus próifeanafos i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), Airteagal 18(1), pointe (b), agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substainte gníomhaí asóicioglaitin, cioheicsitin, clóirfeinipir, déchófól, ionsulfán, feanaramól, agus próifeanafos, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás na substainte gníomhaí feanprópáitrin, socraíodh MRLanna i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Ós rud é nár formheasadh na substaintí gníomhacha sin riamh san Aontas, nó gur tarraingíodh siar a bhformheas roimh 2008, níor tháinig siad faoi raon feidhme an athbhreithnithe chórasaigh ar na MRLanna uile atá ann cheana faoi Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás'), faoi Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, athbhreithniú a dhéanamh ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh na substaintí gníomhacha sin agus scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil chun cáilíocht na luachanna tagartha tocsaineolaíocha a scagadh.

(3) D'fhoilsigh an tÚdarás na tuairimí eolaíocha comhfhreagracha in 2023. Tar éis an chéad fhoilsithe de na tuairimí réasúnaithe sin in 2023, rinne an tÚdarás comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara[2] agus leasaíodh na tuairimí réasúnaithe chun toradh an chomhairliúcháin sin a léiriú[3].

---

1 IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

2 EFSA, Toradh an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara maidir leis na tuairimí réasúnaithe le haghaidh asóicioglaitine, défheintrine, clóirfeinipire, cioheicsitine, dé-aisionóin, déchófóil, ionsulfáin, feanaramóil, feanprópáitrin agus próifeanafos. Foilseachán tacaíochta EFSA 2024: EN-9002. Le fáil ar líne: https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/pdf/10.2903/sp.efsa.2024.EN-9002.

3 EFSA, Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for azocyclotin and cyhexatin [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh asóicioglaitine agus cioheicsitine]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21(6):8038. Le fáil ar líne: https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/8038.

(4) I gcás na substaintí gníomhacha asóicioglaitin agus cioheicsitin, mhol saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh an sainmhíniú ar iarmhar a athrú go dtí '*an tsuim de chioheicsitin, asóicioglaitin agus salainn eile de thríchioglaiheicsiltin arna cinneadh agus arna sloinneadh mar thríchioglaiheicsiltin [F]*'. Dá bhrí sin, is iomchuí an sainmhíniú ar iarmhair a athrú dá réir.

(5) Tá MRLanna ann le haghaidh asóicioglaitine agus cioheicsitine ar úlla, oráistí agus fíniúnacha coiteanna. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhféadfaí an measúnú riosca a thabhairt chun críche mar gheall ar an easpa luachanna tagartha tocsaineolaíocha láidre. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substaintí sin in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh agus na MRLanna uile a shocrú ag na teorainneacha cainníochtaithe táirgeshonracha ('TCanna') in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 14(1) i gcomhar le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

(6) I gcás na substainte gníomhaí clóirfeinipir, níl aon MRL socraithe le haghaidh tráchtearraí ainmhithe, agus tá MRLanna i dtráchtearraí plandaí nó ar thráchtearraí plandaí socraithe ag an TC, seachas tae. Déanann roinnt éiginnteachtaí a bhaineann le bearnaí sonraí a sainaithníodh sa mheasúnú difear don MRL atá ann cheana agus don mheasúnú nochta ríofa. Na MRLanna uile a leagtar amach le haghaidh clóirfeinipire in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh agus na MRLanna uile a leagan síos ag an TC táirgeshonrach agus MRLanna le haghaidh tráchtearraí ainmhithe a leagan síos ag an TC táirgeshonrach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) i gcomhar le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

(7) I gcás na substainte gníomhaí déchófól, leagtar síos MRLanna le haghaidh mealbhacán, síolta cadáis, tae, leannlusanna, éanlaith chlóis (matán, saill, ae, duán agus scairteach inite), bainne agus uibheacha éan. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhféadfaí an measúnú riosca a thabhairt chun críche mar gheall ar an easpa luachanna tagartha

---

EFSA, Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for chlorfenapyr [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh clóirfeinipire]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21(12):8444. Le fáil ar líne: https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/8444.

EFSA, Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for diazinon [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh dé-aisionóin]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21:8426. Le fáil ar líne ag: https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/8426.

EFSA, Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for dicofol [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh déchófóil]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21:8425. Tá sé le fáil ar líne ag: https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/8425.

EFSA, Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for endosulfan 2023 [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh ionsulfáin 2023]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21(7):8114. Le fáil ar líne: https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/pdf/10.2903/j.efsa.2023.8114.

EFSA, Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for fenarimol 2023 [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh feanaramóil 2023]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21(7):8113. Tá sé le fáil ar líne ag: https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/pdf/10.2903/j.efsa.2023.8113.

EFSA, Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for fenpropathrin [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh feanprópáitrine]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21(6):8057. Tá sé le fáil ar líne ag: https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/8057.

EFSA, Targeted review of maximum residues levels (MRLs) for profenofos 2023 [Athbhreithniú spriocdhírithe ar na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) le haghaidh próifeanafos 2023]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023; 21:8445. Le fáil ar líne: https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2023.8326

tocsaineolaíocha láidre. Ina theannta sin, ní thacaíonn sonraí leis na MRLanna atá ann cheana. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh déchófóil in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh agus na MRLanna uile a shocrú ag TCanna táirgeshonracha in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 14(1) i gcomhar le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

(8) I gcás na substainte gníomhaí ionsulfán, socraítear MRLanna le haghaidh pónairí soighe, síolta cadáis, taenna, spíosraí ó shíolta, spíosraí ó thorthaí agus spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhféadfaí an measúnú riosca a thabhairt chun críche mar gheall ar an easpa luachanna tagartha tocsaineolaíocha láidre. Ina theannta sin, ní thacaíonn sonraí leis na MRLanna atá ann cheana i bpónairí soighe agus taenna. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh ionsulfáin in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh agus na MRLanna uile a shocrú ag TCanna táirgeshonracha in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 14(1) i gcomhar le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

(9) I gcás na substainte gníomhaí feanaramól, socraítear MRLanna le haghaidh torthaí póma, aibreog, silíní (iad milis), péitseog, fíonchaora boird agus fíniúnacha coiteanna, sútha talún, sútha craobh (iad dearg agus buí), cuiríní (iad dubh, dearg agus bán), spíonán (iad glas, dearg agus buí), bananaí, cúcamair, gircíní, cúirséid, guird eile a bhfuil craiceann inite orthu, mealbhacán, puimcíní, mealbhacáin uisce, guird eile a bhfuil craiceann do-ite agus leannlusanna orthu. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhféadfaí an measúnú riosca a thabhairt chun críche mar gheall ar an easpa luachanna tagartha tocsaineolaíocha láidre. Ina theannta sin, ní thacaíonn sonraí leis na MRLanna atá ann cheana le haghaidh aibreog, silíní (iad milis), péitseog, fíonchaora boird agus fíniúnacha coiteanna, sútha talún, sútha craobh (iad dearg agus buí), cuiríní (iad dubh, dearg agus bán), spíonán (iad glas, dearg agus buí), bananaí, gircíní, cúirséad, guird eile a bhfuil craiceann inite orthu, mealbhacáin uisce, guird eile a bhfuil craiceann do-ite orthu agus leannlusanna. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh feanaramóil in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh agus na MRLanna uile a shocrú ag TCanna táirgeshonracha in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 14(1) i gcomhar le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

(10) I gcás na substainte gníomhaí feanpróipáitrin, socraítear MRLanna le haghaidh torthaí citris, sútha talún, mealbhacán agus tae. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhféadfaí an measúnú riosca a thabhairt chun críche mar gheall ar an easpa luachanna tagartha tocsaineolaíocha láidre. Ina theannta sin, ní thacaíonn sonraí leis na MRLanna atá ann cheana. Na MRLanna uile a leagtar amach le haghaidh feanpróipáitrine in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh agus na MRLanna uile a leagan síos ag an TC táirgeshonrach agus MRLanna le haghaidh tráchtearraí ainmhithe a leagan síos ag an TC táirgeshonrach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) i gcomhar le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

(11) I gcás próifeanafos, leagadh síos MRL sealadach le Rialachán (AE) 2023/377 ón gCoimisiún[4] le haghaidh luibheanna agus bláthanna inite, go dtí go gcuirfí sonraí faireacháin isteach maidir leis an tsubstaint ghníomhach sin a bheith ag teacht chun cinn sna táirgí sin. Ar an gcaoi chéanna, leagadh síos MRL sealadach le Rialachán (AE) 2022/1290 ón gCoimisiún[5] le haghaidh peitil róis, go dtí go gcuirfí isteach sonraí faireacháin maidir le teacht chun cinn na substainte sin sna táirgí lena mbaineann. Is iomchuí na MRLanna sealadacha sin a choinneáil ar bun agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar leibhéil próifeanafos i luibheanna agus i mbláthanna inite agus i bpeitil róis chun athbhreithniú a dhéanamh ar na MRLanna sin ar bhonn sonraí faireacháin.

(12) A mhéid a bhaineann le MRLanna le haghaidh próifeanafos i mangónna, i dtrátaí, i síolta cadáis, i lus an choire, i gcuimín, i bhfinéal, i spíosraí ó thorthaí, i dtráchtearraí ó mhucra, ó bhó-ainmhithe, ó chaoirigh, ó ghabhair, ó each-ainmhithe, ó éanlaith chlóis agus ó ainmhithe talún feirme eile nó ar na nithe sin (seachas bainne agus uibheacha), tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhféadfaí an measúnú riosca a thabhairt chun críche mar gheall ar easpa luachanna tagartha tocsaineolaíocha láidre. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh próifeanafos sna tráchtearraí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh agus MRLanna le haghaidh na dtráchtearraí sin a leagan síos ag na TCanna táirgeshonracha i gcomhréir le hAirteagal 14(1) i gcomhar le hAirteagal 18(1), pointe (b), den Rialachán sin.

(13) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá TCanna áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin TCanna táirgeshonracha a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

(14) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(16) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua infheidhme agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí ar bun.

(17) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

[4] Rialachán (AE) 2023/377 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III, IV agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh clóiríd bheansalcóiniam (BAC), clórprófam, clóiríd dédheicildémheitiolamóiniam (DDAC), flutríafóil, meatasaclóir, nicitín, próifeanafos, cuisileafop-P, alúmanaisileacáit sóidiam, tiaibeandasóil, agus trí-aidhémheanóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe. (IO L 55, 22.2.2023, lch. 1-84. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/377/oj).

[5] Rialachán (AE) 2022/1290 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar i gcás aimeatochtraidine, clóirmeacuat, dóidín, nicitín, próifeanafos agus víreas polaihéadróise núicléach ilchaipsideach Spodoptera exigua (SeMNPV), aonraíoch BV-0004, i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe. (IO L 196, 25.7.2022, lch. 74-114. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1290/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo, beidh feidhm aige go fóill maidir le táirgí a cuireadh ar mhargadh an Aontais roimh an … [*Oifig na bhfoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN